



**TIPPERARY HISTORICAL JOURNAL
1988**

© County Tipperary Historical Society

**www.tipperarylibraries.ie/thc
society@tipperarylibraries.ie**

ISSN 0791-0665

Mícheál O Dubhchonna — A Shaol Poiblí Roimh 1848

*Le Micheal Mac Cárthaigh**

Fear dian-oibre ba ea Mícheál O Dúbhchonna nach bhféadfadh, is cosúil, fanacht socair. Bhí taithe ar obair aige ó tháinig sé in innimh fir, agus roimhe sin leis, ar fheirm bheag a athar leathshlí idir Fíodh Ard agus Cluainín, áit inar rugadh Mícheál i 1805. Tá sé ráite nár chuaigh sé ar scoil go raibh sé 20 bliain d’aois — rud is deacair a chreidiúnt, mar go raibh scoil chlasaiceach ag a dheartháir i gCaiseal.

Bhí neart coirp thar an goithiantacht ann. Is léir sin ó na haistir shiúil a dhein sé ar fud na Mumhan nuair a bhí sé ar a choimeád, cé go raibh sé 43 bliana d’aois ag an am. De réir an *Hue and Cry*, bhí gruaig fhionnrua aige, aghaidh dhearg, súile glasa, gruachnámha arda agus gearr-fhéasog rua. Níorbh fhear an-ard é, áfach.

Is dócha gur thug O Dúbhchonna an Ghaeilge ón gcliaibhán. Bhí an teanga go láidir sa cheantar ag an am agus go ceann i bhfad ina dhiaidh sin, cé nach bhfuil san le brath ar scríbhinní Kickham. Bhí an corrscríobhaí gairmiúil sa cheantar ag an am freisin, agus go fiú filí.

Is cinnte nár chuaigh O Dúbhchonna leis an scoláíocht acadúil go raibh sé aosta go maith, mar bhí sé 33 nuair a bhain sé amach a chéim sa dlí. Deirtear freisin nár chaith sé, agus é óg, ach naoi mí ar scoil, agus gur chosain an tréimhse sin 15 scilling! Ach dhein na blianta crua-oibre — ag rómhar, ag treabhadh agus ag grafadh — fear de. Bhí buanna aige a d’oir thar barr don saol a chaith sé ina dhiaidh sin.

Thuill sé dóthain ó mhúinteoireacht phríomháideach, deirtear, chun díol as cúrsa dlí i mBaile Atha Cliath. As san chuaigh sé go dtí an Middle Temple i Londain mar a bhain sé céim abhchóide amach sa bhliain 1838. Tháinig se thar nais ansan, agus chuaigh i mbun a ghairme i gCaiseal.

Luann Art O Gríofa an charthanacht agus an chrógacht a bhí i Mícheál O Dúbhchonna le linn don chalar a bheith i gCaiseal — gur iompair sé othair ar a dhroim go dtí an otharlann. Deir White gur sa bhliain 1833 a bhí an galar uafásach san áit, agus gur cailleadh breis is 200 duine. Cuireadh na Faoitigh óga go léir go tigh a nuncail taobh le Durlas Eile ionas go mbeidís ar lámh shábhála.

Tugann White cuntas suimiúil ar thoghchán a bhí i gCaiseal sa bhliain 1835, a raibh baint mhór ag O Dúbhchonna leis. Cathair le corparáid nó bardas ba ea Caiseal, agus bhí muintir na cathrach i dteideal teachta (M.P.) a chur go Westminster. Is annamh a bhíodh toghchán ann. “The patron (Richard Pennefeather) seems also to have the power of procuring the return of members of Parliament for the city of Cashel”.

Tá sé suimiúil gur Liberal a ainmníodh sa bhliain 1832, James Roe as Roesboro in aice le baile Thiobraid Arann. Deir White gur b é sin an chéad bhliain a raibh toghchán ann. Chuaigh Matthew Pennefeather sa choimhlint. Sir John Judkin Fitzgerald (mac leis an “Flogger”) a mhol é. Louis Perrin (mac le Francach, Múinteoir Francise) a chuaigh i gcoinne Pennefeather. Brianach a d’ainmnigh é; O Dúbhchonna a chuidigh leis.

Bhí bua glan ag Perrin. Fuair sé 266 vóta, agus ní raibh ach 56 ag Pennefeather.

Hurrah for O’Connell, hurrah for the cause,
Hurrah for brave Perrin and for the old laws,

Tá an Irisleabhar faoi chomaoín ag neacht an údar, Siobhán O Móráin, a thug an lámhscríbhinn dúinn.



It is he will remove all suffering and tears,
And for Father McDonnell we'll all give three cheers.

Ba é an tAthair O Domhnaill an sagart paróiste, fear a mhol Kickham níos déanaí. Bhí lámh ag O Dubhchonna sa toghchán seo.

Nuair a tháinig O Dúbhchonna ar ais go Caiseal ina abhchóide sa bhliain 1838, phós sé. Eibhlín Ní Dhuibhir ab ainm don bhean. Iníon ba ea í le Morgan O'Dwyer as Cuileann O gCuanach, Tiobraid Arann, adeir O Súilleabháin. Aintín ba ea í don Dr. O Duibhir, Easpag Luimnigh.

Cathair chorparáideach ba ea Caiseal ón mbliain 1216 anuas. Sa bhliain sin fuair an tArdeaspag Donatus O Lonargáin an gradam seo don bhaile don chéad-uair. An Rí Liam a shínigh an chaitrícheann ar dhroichead an Ghóilín agus é ar a bhealach go Luimneach i 1690. Sa bhliain 1229 bhronn ardeaspag eile réimse mór talún ar an gCorparáid, beagnach 4,000 acra de thalamh maith. Bhí an talamh sin i seilbh an Bhardais go dtí gur cuireadh ar ceal é sa bhliain 1840.

Sa bhliain 1833 cuireadh coimisiún ar bun chun fiosrú a dhéanamh ar staid agus iompar na mbardas i gcathracha na hÉireann. Sa tuarascáil a foilsíodh deirtear faoi Chorparáid Chaisil:

The Board of Alderman, consisting of Mayor and Alderman, are said to be the ruling body of the Corporation, but in point of fact it would appear that for many years the absolute power, both over the property and privileges of the Corporation, has been exercised by the Head or Patron, through the Board of Aldermen. Since the year 1777 the Patron seems exclusively to have enjoyed the power of procuring the election of the Alderman himself, and of disposing of the Corporation property as he pleased".

Nuair a tháinig Mícheál O Dúbhchonna go Caiseal i 1838, bhí an patrún san (Richard Pennefeather) tar éis bháis, ach i measc na hAldermen bhí deartháir leis, beirt mhac leis, triúr cliamhain, ceathrar nia, ua amháin, duine a bhí pósta lena neacht agus triúr cliamhain, deathrar nia, ua amháin, duine a bhí pósta lena neacht agus triúr col ceathracha! Ba é toradh a bhí ar fhiosrú na gCoimisinéirí gur cuireadh deireadh leis an gCorporáid (Acht 3 & 4, Victoria).

Togadh Coimisinéirí Baile in áit na Corparáide. Is féidir a mheas ó shloinnte na gCoimisinéirí go raibh tús curtha le ré nua sa sean-chathair. Seo iad na sloinnte: O hEainnaí, O Dúbhchonna, O hlfearnáin, Usher, O Duibhir, Wood, Mockler, Lyttleton, O Riain, de Paor, O Corbaí, O Comáin, Desmond, O Scoilaí, Cusack, Carew, Mac Lochlainn, Jackson, O hOgáin, O Dóláin agus O hAinle.

Chuaigh O Dúbhchonna láithreach i mbun oibre chun strus agus maoin an Bhardais a fháil thar nais i seilbh na ndaoine. Tá a ainm le fáil go minic ins na mionthairiscí, ag moladh a leithéid seo agus siúd de rún. Eisean a d'ullmhaigh cás na gCoimisinéirí do na dlíchúiseanna corparáideacha.

Deir daoine a léigh na cásanna a d'ullmhaigh sé go raibh siad ar fheabhas. Cuireadh an dlí ar William Pennefeather chun iachall a chur air cíos a íoc ar 2,500 acra talún a bhí ar feadh deich mbliana. D'ordaigh an chúirt go n-íocfadh sé £6,000, suim ollmhór airgid san am.

Fuarthas an t-airgead sin i 1844, agus is iontach an méid ar éirigh leo a dhéanamh leis. Cheannaigh siad talamh chun oibreacha gáis a chur suas, agus bhí gás-shoilse ar fud an bhaile i 1846 - £2,000 an costas. Réitíodh córas uisce, cuireadh ciste iasachtaí ar bun; deisíodh na sráideanna; leagadh síos cosbhealaigh. Rinneadh dearlacú ar na scoileanna — £200 do na scoileanna náisiúnta caitheacha agus £20 don scoil phrotastúnach — airgeadaí a íocadh go dtí le fiordhéanaí.

Bhí coimisinéirí agus muintir an bhaile an-bhuioch de Mhac Uí Dhúbhchonna. I mí na Feabhra 1843 mhol an Dr. O hlfearnáin rún:



“That the thanks of the Commissioners of Cashel are due and hereby given to Counsellor Doheny for his very efficient exertions on our behalf, and that we pledge ourselves to remunerate him for as far as the law will allow us, at the earliest opportunity”.

Bhronn siad tigh cónaithe air — Alla Aileen (Halla Eibhlín); a bhean a bhí i gceist. Tá an tigh ann fós, ar a thalamh féin ar imeall an bhaile idir Bóthar Bhaile Atha Cliath agus bóthar Mhainistir ma Croise, agus na focail “Alla Aileen” snoite ar dhá cholch ghreanta ar an ngeata.

Cuireadh O Dúbhchonna go Londain chun iarracht a dhéanamh gur trí Chaiseal a rithfeadh an bóthar iarainn nua. Theip air sa ghnó seo. I 1846 fuair sé cead ó Choimisinéirí na n-Oibreacha Poiblí £2,000 d’fhail ar iasacht d’oibreacha poiblí. Deir White fur fíorbheagán de mhuintir an bhaile a fuair bás de dheasca an Ghorta.

Mar sin féin, is cosúil nach raibh gach éinne sásta. I Lúnasa 1846 ritheadh an rún seo: “. . . The Commissioners . . . assure Mr. Doheny of unlimited and unbounded confidence and esteem; and . . . regret there should be found in Cashel men to return by ingratitude and insult untiring exertions . . . to promote the prosperity of the City, and the comfort and happiness of its people”.

Ní thugann White mórán molta don Dubhchonnach, ach ní dhéanann sé aon dímhóladh air. “On the abolishing of the old corporation, my father B.N. White was entitled to £40 per annum. This small sum however, was withheld for two or three years, until he had to commence legal proceedings for its recovery. Mr. Doheny, afterwards Colonel of the 69th New York Regiment, refused payment until my father should give up the old seal of the Corporation, and he persistently refused to do so”.

Thug an Dáibhíseach cuireadh don Dúbhchonnach páirt a ghlacadh i ngluaiseacht mhór na hAthghairme. Glacadh leis an gcuireadh, agus mar ba dhual dó i gcónaí, níor dhein sé dhá leath dá dhícheall. Chuir sé a chumas ar fad le fuinneamh taobh thiar den ghluaiseacht. Cainteoir maith ba ea é. Labhair sé ag cruinnithe faoin tuath, agus níos déanaí sa Conciliation Hall agus sa Music Hall i mBaile Atha Cliath. Labhair sé freisin i Sasana, rud a dhein pearsa náisiúnta de.

Táid ann a cheapann; gurb iad an Dáibhíseach, an Díolúnach agus O Dúbhchonna a smaoinigh ar na cruinnithe móra. Deir sé féin:

One great object of the meetings was to train the country people to military movement and martial tread. This object it would be unfair to announce, and was effected through other agencies than drill. The people should come to such rendezvous in baronial, parochial or town processions under the guidance of local leaders. . . . The present writer left Dublin early in the Spring of '43 to carry the design into effect”.

Ba é an chéad cheann de na comhtharláin mhóra an cruinniú i gCaiseal ar 23 Bealtaine 1843. Thagair Sir Robert Peel don dáta seo in Westminster. Mheabhraigh sé dá lucht éisíeachta gur ar an dáta sin a bhí Fíri Amach '98 ann — agus is léir gur cheap sé gur ullmhú chun ceannairce a bhí sa bhfeachtas nua seo!

D’eirigh go hiontach leis an gcruinniú i gCaiseal. Bhí slua ollmhór ann; aontaíonn gach cuntas faci sin. Ach níl gach cuntas ar aon fhocal faoi gach rud a tharla an lá sin. Bhí seanathair an scríbhneora, a d’éag i 1908, ann. Bhí sé tuairim is 16 bliana d’aois san am. Shiúil sé seacht míle go dtí an cruinniú.

Deireadh seisean gur dhein ceannasaí an airm i gCaiseal, Colonel Vandaleur, iarracht an cruinniú a chosc, gur cuireadh teachtaire amach go dtí Mr. Long i Longfield i gCrosaire an Ghualaigh (Ardshirriam an Chontae), agus gur insíodh an scéal dó. De réir an scéil, tháinig Long isteach chun an bhaile láithreach ar muin capaill, agus d’ordaigh don Colonel na saighdiúirí a chur ar ais chun na beairice. “Cé hé tusa atá ag labhairt chomh dána?”, arsa



Vandaleur. Bhain an sirriam a cháipéis údaráis as a phóca, agus chaith in ucht an choirnéil é. “Léigh é sin”. Léigh, agus tógadh na saighdiúirí den tsráid.

Dhein an scéaláí iontas den charáiste a bhí ag an gConallach. Crot báid a bhí air, a deireadh sé, agus isteach bóthar Chluain Meala a tháinig sé. Deireadh sé freisin nár fágadh greim bia ná braon dí i gCaiseal an lá sin!

Tá insint eile ag O Dúbhchonna féin. “A military and magisterial meeting had been previously held in the barracks of Cashel, to consider whether the people should be routed at the point of the bayonet”. Deir sé go raibh a fhios seo ag an gcoiste, ach gur chinn siad ar dhul ar aghaidh leis an gcruinniú.

Seo insint eile fós ag White. “There was a large number of military and police in the town. The cavalry were under the command of Colonel Vandaleur. [bhí an t-ainm i gceart ag an seanscéalaí] but as well as I remember they were not called upon to act in any way, and everything passed off quietly”.

“The Repeal agitation began in the year 1843 . . . and the great agitator Daniel O’Connell held a number of monster meetings throughout Ireland. He held one of these in Cashel on 23rd May, 1843. I remember meeting him that day near Lady’s Well, walking towards Alla Aileen, leaning on Mr. Doheny’s arm. It would appear as if he had come off a journey, as he had a large travelling cap upon his head. Cashel that day was decorated with triumphal arches”.

Deir O Dúbhchonna gur ar Palmers Hill, os cionn an bhaile, a bhí an cruinniú. Deir sé gur tháinig mórshiúl ó gach paróiste, gach díorma faoina mhaor nó a cheannasaí féin. Shiúil cuid acu go maith thar ocht míle. Bhí dinnéar mór an oíche sin, agus labhair O Conaill arís. D’fhan sé an oíche, is cosúil, in Alla Aileen.

Níorbh é sin an t-aon uair amháin a d’fhan O Conaill oíche i dtigh Uí Dhúbhchonna. Chaith sé an oíche ann díreach roibh an gcruinniú a bhí i nDurlas in 1845. Tharla mórán idir an dá linn. Mar is eol do chách, ba é 1843 bliain mhór na gcomhthlán ar fud na tíre. Shrois an spriod a gineadh an bhliain sin a buaic ar lá na Teamhrach.

D’ísligh an spriod go mór tar éis lá na tubaiste, lá Chluain Tarbh. Ba ísle fós é nuair a cúisíodh an Conallach, agus nuair a gearradh téarma príosúntachta air. Tharla an tubaist ba mhó i Meán Fómhair 1845, nuair a cailleadh an Dáibhíseach go tobann. Is go díreach i ndiaidh a bháis a bhí an cruinniú i nDurlas. Thug O Dúbhchonna cuireadh don Dáibhíseach agus c’o Ghabhánach O Dubhthaigh teacht go Durlas.

Tá cuntas ag Kickham ar imeachtaí an lae sin. Bhí sé seacht mbliana déag d’aois, agus chuaigh sé ann lena athair. Tagrann sé d’áilleacht an lae, d’áilleacht na tíre timpeall air, agus don bhfómhar fairsing. D’éirigh leis radharc maith a fáil ar an mórshiúl, mar fuair a athair cuireadh isteach i dtigh an Athar Laffan. Bhí an seomra lán de shagairt, agus de dhaoine measúla. Deir sé go raibh dea-ord agus riar ar gach baile fear — an sagart paróiste go minic ar chapall i gceannas a pharóisteánach féin.

Dúirt duine éigin, “There is Doheny”, agus deir Kickham go raibh sé le brath nach mór an grá a bhí ag na daoine sa seomra san don Dúbhchonnach. Ach bhí meas agus cion ag an Athair Laffan air. Chuaigh sé chun na fuinneoige, agus lean a shúile O Dúbhchonna ag siúl thar an tigh agus dúirt; “Ah, he is heartbroken after his friend Davis . . . Yes, they were great friends”.

Lean Kickham mar seo. “For some reason which I could never make out (or for no reason at all) Doheny was always unpopular among the middle-classes in Tipperary, or at least in that part of it with which I was personally acquainted”. Ach bhí cion ag na gnáthdhaoine air . . . “He was very popular with the peasantry; and as he walked with a quick elastic step down the main street of Thurles this day of the monster meeting, I saw many rough hands extended to him, whose grasp he seemed to return with a vigour and heartiness like their own”.



Deir Kickham go raibh gar do 2,000 duine ag an bhfleá an oiche sin; leathshobhrán an táille! I dtigh mór adhmaid, a tógadh go sealadach don ócáid a caitheadh ab féasta. D'eirigh le Cathal óg a shlí a dhéanamh go barr an tseomra. Bhí roinnt sagart ina thimpeall, agus chuala sé an comhrá a bhí eatharthu. "Tá O Conaill ag imeacht as go tiubh", arsa duine acu. "Rinne sé mórán fiaigh le déanaí", arsa sagart eile go dóchasach. "Is cuma", arsa an fear eile go brónach, "Ní sheasfaidh sé mórán níos faide".

Labhair an Conallach, agus daoine eile ina dhiaidh. Ní raibh O Dúbhchonna ag barr an tseomra; bhí sé thíos ag a bhun. Nuair a tugadh faoi deara é, glaoth go hard agus ó gach cúinne air, labhairt. Bhí sé gléasta in éide Chlub '82. Sheas sé agus labhair. "Sé deireadh dóchais d'Eirinn é." "Maireann O Conaill fós" arsa sagart éigin go mífhoidhneach, agus nuair a bhí deireadh le óráid Uí Dhúbhchonna bhí na sagairt páirteach sa gháir moltach a tógadh. Dúirt sagart amháin, ach gan aon nimh ann: "Let him alone, he's real Young Ireland".

Tagrann an Dúbhchonnach féin don chruinniú san *Felon's Track*. Deir sé gur cruinniú an-mhór a bhí ann, an ceann ba mhó de na h-ollchruinnithe, rud nach féidir a bheith cruinn. Deir sé freisin go raigh eaglaisigh mhóra áirithe in éadan an chruinnithe, agus gur cuireadh constaicí agus bacanna as míosúr sa bhealach air le linn a eagraithe. Deir sé gur de bhrí gur theip ar na h-iarrachtaí bacáile sea chas míghnaoi na ndaoine seo air féin go pearsanta. Deir sé leis go rabhtas míchúirtéiseach leis féin lá an chruinnithe.

Tugann na cuntaisí ar an gcruinniú i nDurlas léargas maith dúinn ar an ngluaisteacht náisiúnta, ar dhearcadh na n-aicmí éagsúla agus ar an scoilt a bhí ag fás idir lucht leanúna Uí Chonaill agus Eire Og. Ach is léir go raibh an-mheas ag formhór a raibh i láthair ar Mhícheál O Dúbhchonna. Níorbh fhada ina dhiaidh sin gur thaobhaigh an Dúbhchonnach leis an eite mhíleata, agus san Eiri Amach i mBaile an Ghairraí i 1848 bhí sé ar dhuine de na ceannairí. A chuid eachtraí le linn an Eiri Amach agus a thuras stairiúil go hIarthar Chorcaí is ábhar dá leabhar *The Felon's Track*.

PRÍOMH-SAOTHAIR THAGARTHA

Doheny, Michael: *The Felon's Track* (Dublin, 1920)

White, John Davis: *Sixty Years of Cashel* (Cashel, 1892).

O'Sullivan, T.F.: *The Young Irelanders* (Tralee, 1944)

Maher, James (ed.): *The Valley Near Slievenamon* (Kilkenny, 1941).

Report of Commissioners on Municipal Corporations in Ireland (183)

(Sliocht as aiste a cuireadh isteach ar chomortas Oireachtas na Gaeilge, 1979, an aiste lastuas).

